

## Achoimre ar an Dréacht-Anailís Tionchair Rialála (RIA)

<b>Roinn/Oifig:</b> An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil	<b>Feidhmeanna an Choimisiúin Toghcháin beartaithe agus costais ghaolmhara</b>
<b>Céim: Comhairliúchán Poiblí</b>	<b>Dáta: 4 Nollaig 2018</b>
<b>Foilseacháin Ghaolmhara:</b>  <a href="#">Páipéar Comhairliúcháin maidir le Coimisiún Toghcháin a bhunú in Éirinn (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Eanáir 2015)</a>  <a href="#">Tuarascáil an Chomhchoiste um Chomhshaoil, Cultúr agus Gaeltacht ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin Beartaithe, 2016</a>  <a href="#">Tuarascáil an Ghrúpa Idir-rannach maidir le Slándáil an Phróisis Toghcháin agus Bréagaisnéis (Meitheamh 2018)</a>	
<b>Teagmhálaí le haghaidh fiosrúcháin:</b> <b>Mairéad Ryan: 01-888-2537. Mary Lane: 01-888-2235.</b> <b>Ríomhphost: franchise@housing.gov.ie</b>	
<b>Cad iad na cuspóirí beartais atá á leanúint?</b> Coimisiún toghcháin a bhunú de réir an ghealltanais sa <i>Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta, go bhfuil coimisiún toghcháin neamhspleách ag teastáil in Éirinn mar thosaíocht.</i>  le cuspóir na hanailíse seo breithniú ar choimisiún toghcháin a bhunú sa chomhthéacs de na nithe seo a leanas:  - an gealltanais sa <i>Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta</i> <sup>1</sup> , - <i>Páipéar Comhairliúcháin maidir le Coimisiún Toghcháin a bhunú in Éirinn</i> de chuid na Roinne (Eanáir 2015) <sup>2</sup> , - moltaí sa <i>Tuarascáil ón gComhchoiste um Chomhshaoil, Cultúr agus Gaeltacht ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin Beartaithe</i> (Eanáir 2016) <sup>3</sup> , agus - moltaí sa <i>Tuarascáil ón nGrúpa Idir-rannach maidir le Slándáil an Phróisis Toghcháin agus Bréagaisnéis</i> <sup>4</sup> ,  agus an costas agus aon impleachtaí eile a thagann chun cinn a imscrúdú, ag baint úsáide as an gcreat a sholáthair an RIA.  <b>Cad iad na roghanna beartais a ndearna measúnú orthu? Tabhair achoimre le do thoil ar na costais, na buntáistí agus na tionchair a bhaineann le gach ceann de na roghanna thíos agus léirigh an raibh an rogha is fearr aitheanta.</b>  <ol style="list-style-type: none"><li>1. Gan athrú beartais agus a bheith ag brath ar an gcreat reachtaíochta agus ar na socruithe atá ann faoi láthair: Cuirtear an rogha seo i láthair ós rud é go léiríonn sé an post bunlíne lenar féidir na costais choibhneasta agus éifeachtacht Roghanna 2, 3 agus 4 a chur i gcomparáid.</li><li>2. An Coimisiún Toghcháin a bhunú ar bhonn neamhrechtúil ar dtús, agus líon teoranta feidhmeanna neamhrechtúla a shannadh d'fhonn coimisiún reachtúil a bhunú laistigh de 18-24</li></ol>	

<sup>1</sup> [Clár um Rialtas Comhpháirtíochta](#)

<sup>2</sup> [Páipéar Comhairliúcháin](#)

<sup>3</sup> [Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar Choimisiún Toghcháin](#)

<sup>4</sup> [Tuarascáil ar Shlándáil an Phróisis Toghcháin agus Bréagaisnéis](#)

mí.

- 3.** An Coimisiún Toghcháin a bhunú ar bhonn reachtúil agus líon teoranta feidhmeanna a shannadh ar dtús, agus tuilleadh feidhmeanna a shannadh le himeacht ama.
- 4.** An Coimisiún Toghcháin a bhunú ar bhonn reachtúil agus gach feidhm aistrithe ón tús.

**Achoimre ar Chostais, Buntáistí agus Tionchair Roghanna 1, 2, 3 agus 4**

<b>Achoimre ar Chostais, Buntáistí agus Tionchair</b>			
<b>ROGHA</b>	<b>COSTAIS</b>	<b>BUNTÁISTÍ</b>	<b>TIONCHAIR</b>
1: Gan athrú	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Costas breise don Státchiste €0</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Gan aon chostas breise don Státchiste.</li> <li>• Níl aon sochair ann a eascraíonn as easpa athraithe ar na socruithe atá ann cheana féin.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Ní thabharfaí aghaidh ar na heasnaimh atá ann cheana féin.</li> <li>• Ní dhéanfar aon dul chun cinn, nó beagán dul chun cinn, maidir le hathchóirithe a thabhairt isteach.</li> <li>• Loiceadh seachadadh ar ghealltanais <i>Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta</i> chun coimisiún toghcháin a bhunú.</li> </ul>
2: An Coimisiún Toghcháin a bhunú ar bhonn neamhrechtúil ar dtús, agus líon teoranta feidhmeanna neamhrechtúla a shannadh d'fhonn coimisiún reachtúil a bhunú laistigh de 18-24 mí.	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Costas breise measta don Státchiste €3.3m (costais bhunaithe agus leanúnacha céad bhliana) agus EUR 1.8m in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bheifí in ann an coimisiún a bhunú go tapa.</li> <li>• Bheadh am ag an gcoimisiún socrú isteach, rud a laghdódh an baol go ndéanfaí dochar don ardleibhéal muiníne atá ann in ionracas an chórais toghcháin. Chabhrófaí le haistriú feidhmeanna reachtúla ar bhealach comhordaithe.</li> <li>• Chuirfí tús leis an bpróiseas de chomhordú níos fearr a thabhairt do riarachán toghcháin.</li> <li>• Trí fheidhmeanna nua a shannadh, amhail taighde agus oideachas agus rannpháirtíocht vótálaithe, d'fhéadfadh cuir chuige nuálacha a bheith ann maidir leis an bpróiseas toghcháin a athchóiriú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Socruithe maoirseachta feabhsaithe an chórais toghcháin.</li> <li>• Bheadh coimisiún toghcháin ar bun i dtréimhse ghairid ama ar bhonn teoranta agus a ról agus feidhmeanna le feabhsú sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma.</li> <li>• Chuirfí an gealltanais <i>Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta</i> i bhfeidhm.</li> <li>• Bheadh bunú luath an Choimisiúin i gcomhréir leis an moladh ón <i>nGrúpa Idir-rannach maidir le Slándáil an Phróisis Toghcháin agus Bréagaisnéis</i> chun bunú de choimisiún toghcháin a dheifriú.</li> </ul>

<p>3: An Coimisiún Toghcháin a bhunú ar bhonn reachtúil agus líon teoranta feidhmeanna a shannadh ar dtús, agus tuilleadh feidhmeanna a shannadh le himeacht ama.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Costas breise measta don Státchiste €3.3m (costais bhunaithe agus leanúnacha céad bhliana) agus EUR 1.8m in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Cabhrú lena áirithiú gurbh fhéidir sannadh don choimisiún na feidhmeanna, córais agus nósanna imeachta sin atá bunaithe cheana a shocrú isteach sula dtabharfaí feidhmeanna breise isteach. Bheadh sé seo ina chabhrú maidir leis an mbaol a laghdú go ndéanfaí dochar don ardleibhéal iontaobhais atá ann faoi láthair i sláine na dtoghchán agus na reifreann.</li> <li>• Bheadh comhordú níos fearr sa riarachán toghcháin.</li> <li>• Chuirfí athchóirithe chun cinn chun dul i ngleic le fadhbanna a aithníodh.</li> <li>• Trí fheidhmeanna nua a shannadh don choimisiún, amhail taighde agus oideachas agus rannpháirtíocht vótálaithe, d'fhéadfadh cuir chuige nuálacha a bheith ann maidir leis an bpróiseas toghcháin a athchóiriú.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Socruithe maoirseachta feabhsaithe an chórais toghcháin.</li> <li>• Riarachán toghcháin níos sruthlínithe trí chomhlacht amháin a bheith sa ról atá á dhéanamh ag roinnt comhlachtaí atá ann faoi láthair.</li> <li>• Chuirfí an gealltanais <i>Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta</i> i bhfeidhm – ach ghlacfaí tuilleadh ama lena chur i bhfeidhm i gcomparáid le rogha 2 de thairbhe go mbeadh bunreachtaíocht ag teastáil.</li> </ul>
<p>4: An Coimisiún Toghcháin a bhunú ar bhonn reachtúil agus gach feidhm aistrithe ón tús.</p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Costas breise measta don Státchiste €3.3m (costais bhunaithe agus leanúnacha céad bhliana) agus</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Bheadh comhordú níos fearr sa riarachán toghcháin.</li> <li>• Chuirfí athchóirithe chun cinn chun dul i ngleic le fadhbanna a aithníodh.</li> <li>• Trí fheidhmeanna nua a shannadh don choimisiún, amhail taighde agus oideachas agus rannpháirtíocht vótálaithe agus táscairí feidhmíochta, d'fhéadfadh cuir chuige</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Socruithe maoirseachta feabhsaithe an chórais toghcháin.</li> <li>• Riarachán toghcháin níos sruthlínithe trí chomhlacht amháin a bheith sa ról atá á dhéanamh ag roinnt comhlachtaí atá ann faoi láthair.</li> <li>• An deis le haghaidh cur chuige nuálach chun an próiseas toghcháin a athchóiriú.</li> <li>• Trí choimisiún toghcháin a bhunú agus na feidhmeanna go léir sannta ag an am céanna, gan am ag an gcoimisiún socrú isteach agus fadhbanna tosaigh a réiteach, tá an baol ann go ndéanfaí dochar don mhuintir atá ann cheana féin</li> </ul>

	<p>EUR 2m in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin</p>	<p>nuálacha a bheith ann maidir leis an bpróiseas toghcháin a athchóiriú.</p>	<p>i sláine na dtoghchán agus na reifreann.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Chuirfí an gealltanús <i>Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta</i> i bhfeidhm. Ach, bheadh sé deacair moladh ón nGrúpa Idir-rannach ar Shláid an Phróisis Toghcháin agus Bréagaisnéis a bhaint amach i ndáil le bunú de choimisiún toghcháin a dheifriú de thairbhe go mbeadh bunreachtaíocht ag teastáil chun an Coimisiún a bhunú ar bhonn reachtúil agus go mbeadh athchóiriú suntasach ar chóid toghcháin atá ann cheana féin ag teastáil freisin.</li> </ul>
--	--	---	--

## **CUID 1: CUR SÍOS AR CHOMHTHÉACS AGUS CUSPÓIRÍ BEARTAIS**

### **1. Comhthéacs Beartais:**

1.1 Luaitear sa *Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta 2016* go bhfuil *coimisiún toghcháin neamhspleách ag teastáil* in Éirinn mar thosaíocht, rud a bheadh neamhspleách ón *Rialtas agus freagrach go díreach don Oireachtas*. Léiríonn sé roinnt réimsí feidhme beartaithe de choimisiúin toghcháin, mar seo a leanas:

- *scrúdú a dhéanamh ar chlárú vótálaithe agus ar an bhféidearthacht atá ann an córas uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS) a úsáid chun daoine a chur leis an gclár nuair a bhaineann siad aois vótála amach;*
- *scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun rannpháirtíocht sa phróiseas polaitiúil a mhéadú trí oideachas do vótálaithe agus slua;*
- *glacadh le ról Chláraitheoir na bpáirtithe polaitíochta;*
- *maoiniú polaitiúil agus caiteachas toghcháin a rialáil;*
- *mairseacht a dhéanamh ar Choimisiún an Reifrinn, rud a bheadh ina fho-aonad den Choimisiún.*

1.2 Sa bhliain 2015, ar bhonn *Pháipéar Comhairliúcháin maidir le Coimisiún Toghcháin a bhunú*, arna ullmhú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar a bhí an tráth sin, agus ar cuireadh ón Aire ag an am siúd, rinne Comhchoiste an Oireachtais um Chomhshaoil, Cultúr agus an Ghaeltacht próiseas comhairliúcháin poiblí maidir le coimisiún toghcháin a bhunú<sup>5</sup>. D'fhoilsigh an coiste tuarascáil ar an gcomhairliúchán i mí Eanáir 2016, ina bhfuil sraith de mholtaí maidir le coimisiún toghcháin a bhunú, lena n-áirítear feidhmeanna ar chóir a shannadh dó; meicníochtaí neamhspleáchais, ballraíochta agus cuntasachta; agus an próiseas bunúcháin, ar chóir a bheith ar bhonn céimnithe.

### **2. Cuspóir Láithreach:**

2.1 Comhaontú ón Rialtas a iarradh maidir leis na nithe seo a leanas:

- an RIA seo a fhoilsiú mar chuid de chomhairliúchán poiblí maidir le coimisiún toghcháin a bhunú, agus
- tar éis an comhairliúcháin poiblí a thabhairt i gcrích, go ndeachaigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar ais chuig an Rialtas le togra maidir leis an rogha is fearr chun coimisiún a bhunú.

### **3. Cuspóir Deiridh:**

3.1 Coimisiún neamhspleách toghcháin a bhunú le bonn taca ó reacht agus feidhmeanna sannta dó i gcomhréir le tráthchlár aontaithe, inoibrithe agus réalaióch.

---

<sup>5</sup> Fuair an coiste 33 aighneacht agus d'eagraigh sé éisteachtaí poiblí ina raibh finnéithe ó pháirtithe leasmhara lena n-áirítear acadóirí; Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais; grúpaí ionadaíochta rialtais áitiúil; TDanna; cinn chomhairimh; agus grúpaí ionadaíochta mac léinn, inimirceacha agus óige.

## **CUID 2: ANAILÍS AR FHEIDHMEANNA**

### **1. Feidhmeanna Choimisiún Toghcháin Beartaithe**

1.1 Is iad seo a leanas na príomhfheidhmeanna a d'fhéadfadh a shannadh do choimisiún toghcháin beartaithe ag Comhchoiste an Oireachtais:

- (a) Maoirseacht ar réachtáil toghcháin agus reifreann agus ar an ról beartais
- (b) An Coimisiún Reifrinn
- (c) Coimisiún na dToghcheantar agus an Coiste Teorann Toghcheantair Áitiúil
- (d) Clár na dToghthóirí
- (e) Clár na bpáirtithe polaitíochta
- (f) Monatóireacht agus tuairisciú ar chaiteachas polaitiúil agus ar dheonacháin
- (g) Taighde
- (h) Oideachas agus Rannpháirtíocht Vótálaithe
- (i) Táscairí feidhmíochta

### **2. Bunús le haghaidh Roghanna**

2.1 Cuirtear san áireamh sna roghanna a chuirtear i láthair san Anailís Tionchair Rialála seo na moltaí i dtuarascáil an Chomhchoiste Oireachtais maidir le feidhmeanna a bheidh le sannadh don choimisiún toghcháin. Sna roghanna tugtar aird freisin ar na príomhcheisteanna atá leagtha amach sa *Pháipéar Comhairliúcháin maidir le Coimisiún Toghcháin a bhunú*, moltaí ón nGrúpa Idir-rannach maidir le Slándáil na bPróiseas Toghcháin agus an tiomantas sa *Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta*, mar atá leagtha amach thíos.

### **3. Tuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais ar an gcomhairliúchán maidir le Coimisiún Toghcháin beartaithe**

3.1 Ina thuarascáil, is é an réasúnaíocht aitheanta ag Comhchoiste an Oireachtais maidir le coimisiún toghcháin a bhunú ná:

- *athchóirithe a chur chun cinn a thabharfaidh aghaidh ar na saincheisteanna éagsúla a aithníodh i ndáil le riarachán agus beartas toghcháin; agus*
- *comhtháthú agus comhordú a thabhairt don chur chuige ina chodanna maidir le cúrsaí beartais agus oibríochtúla, rud a chuirfidh feabhas ar riarachán toghcháin d'úsáideoirí (i.e. na toghthóirí)<sup>6</sup>.*

3.2 Le linn a chuid comhairliúcháin, fuair an Comhchoiste an Oireachtais go bhfuil leibhéal measartha ard iontaoibhe ann i riarachán agus bainistíocht toghcháin in Éirinn. Mar sin féin, leag sé béim ar ghnéithe den phróiseas toghcháin a dteastaíonn aird phráinneach orthu chun an iontaoibh agus an cháil sin a choinneáil<sup>7</sup>. Is iad seo na nithe seo a leanas a aithníodh maidir le haird phráinneach a bheith ag teastáil ina leith:

- Athchóiriú ar an bpróiseas cláraithe toghcháin;
- oideachas do vótálaithe;

<sup>6</sup> Mír 1.1 (leathanach 26) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

<sup>7</sup> Mír 1.1 (leathanach 26) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

- slua agus na híosiarrachtaí a dhéantar chun daoine a spreagadh chun clárú agus vótáil;
- easpa torthaí agus sonraí toghcháin láraithe; agus
- airgeadas polaitiúil - go príomha an easpa trédhearcachta i gcuntais na bpáirtithe polaitíochta agus acmhainní gortacha a chuireann baic ar chur i bhfeidhm na rialacha maidir le tabhartais agus rialacháin caiteachais<sup>8</sup>.

3.3 Luaigh Comhchoiste an Oireachtais agus finnétithe ag an gcomhairliúchán poiblí go láidir gur chóir tabhairt faoi bhunú de choimisiún toghcháin go cúramach. Ba chóir cur chuige "Ollphléasc" a sheachaint maidir le bunú mar go bhféadfadh sé na leibhéil measartha ard iontaoibhe i sláine na dtoghchán agus na reifreann a chur i mbaol. Mhol an chuid is mó de na finnétithe cur chuige ar bhonn céimnithe maidir le bunú agus bhí an chuid is mó den tacaíocht ann d'aistriú na bhfeidhmeanna seo a leanas sa chéad chéim den bhunú, an chuid is mó díobh a dhéanann comhlachtaí atá ann cheana féin:

- Clárú na bpáirtithe polaitíochta;
- Ról oibríochtúil na Rannóige Toghchórais sa Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil;
- Ról forbartha beartais atá níos doimhne agus níos leithne ná é sin a dhéanann an Roinn faoi láthair;
- An rialachán ar mhaoiniú polaitiúil agus ar chaiteachas toghcháin a dhéanann an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí ("SIPO") ag an leibhéal náisiúnta faoi láthair;
- Ról tacaíochta agus comhairleach d'údaráis áitiúla ina rialáil ar mhaoiniú polaitiúil agus ar chaiteachas toghcháin ag an leibhéal áitiúil;
- Feidhmeanna na gCoimisiún Reifrinn (agus neamhspleáchas feachtais faisnéise an reifrinn mar phríomhábhair i sannadh na bhfeidhmeanna);
- Feidhmeanna na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i soláthar na rúnaíochta (lena n-áirítear comhairle bheartais) chuig Coimisiún na dToghcheantar agus na Coistí Teorann Toghcheantair Áitiúil.

3.4 Beag beann ar chur chuige, molann Comhchoiste an Oireachtais gur chóir tráthchlár don aistriú iomlán a chomhaontú, agus b'fhéidir é a leagan amach sa reachtaíocht, agus nár chóir an próiseas trasdula a leathnú.

#### 4. Páipéar Comhairliúcháin

4.1 Luaitear i bpáipéar comhairliúcháin na Roinne, *mar phrionsabal dea-rialachais, moltar go ndéanfaí feidhmeanna aon chomhlachta nua a shainmhíniú go soiléir agus é á chur ar bun. Leis na feidhmeanna sin ba chóir bonn eolais a chur faoina dhearadh eagrúcháin. Dá bhrí sin, ba chóir an bhunchúis, an cuspóir agus na spriocanna a bhaineann le coimisiún toghchán a bhunú a shainaithint go soiléir ón tús. Mar an chéad chéim eile, is gá na feidhmeanna atá le sannadh don choimisiún toghcháin a shainmhíniú níos beachte.*<sup>9</sup>

<sup>8</sup> Mír 1.2 (leathanach 27) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

<sup>9</sup> Paragraf 1.2 den *Pháipéar Comhairliúcháin ar Bhunú de Choimisiún Toghcháin in Éirinn*



## 5. Grúpa Idir-rannach ar Shlándaíl an Phróisis Toghcháin

5.1 Bhunaigh Roinn an Taoisigh an Grúpa Idir-Rannach (IDG) maidir le Slándaíl an Phróisis Toghcháin agus Bréagaisnéis in Éirinn i mí na Samhna 2017 chun roinnt saincheistanna trasghearrtha a bhaineann le slándaíl an phróisis toghcháin a imscrúdú. Is é comhthéacs na hoibre seo na saincheistanna substainteacha a eascraíonn as eispéiris le déanaí i dtíortha daonlathacha eile maidir le húsáid na meán sóisialta ag tríú páirtithe seachtracha, gan ainm nó folaithe.

5.2 D'fhoilsigh an IDG a chéad tuarascáil maidir le Slándaíl an Phróisis Toghcháin agus Bréagaisnéis in Éirinn i mí Iúil 2018. Aithnítear sa Tuarascáil roinnt moltaí chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí a aithníodh agus bealach chun tosaigh a mholadh ar chur chuige níos comhtháite agus níos comhordaithe maidir leis an bpróiseas toghcháin a chosaint ó bhréagaisnéis agus rioscaí slándála.

5.3 Is iad seo a leanas na príomh-mholtaí sa tuarascáil:

- bunú de choimisiún toghcháin a dheifriú mar atá leagtha amach sa Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta;
- nuachóiriú den phróiseas um chlárú vótálaithe a chur chun cinn (féach thíos le haghaidh nuashonraithe ar dhul chun cinn);
- trédhearcacht fhógraíocht pholaitiúil ar líne a rialáil;
- forálacha reachtaíochta a bhaineann le maoiniú feachtais toghcháin agus reifrinn a athchóiriú;
- tacú le hobair an Choimisiúin Eorpaigh maidir le dul i ngleic le bréagaisnéis ar líne;
- leanúint le tionscnaimh litearthachta na meán ar an leibhéal náisiúnta a chur chun cinn.

5.4 Léirítear sa tuarascáil go mbeadh na nithe seo a leanas ina gcéad chéimeanna eile:

- Bunú de choimisiún toghcháin a dheifriú, agus
- Trédhearcacht fhógraíocht pholaitiúil ar líne a rialáil

5.5 Ní mór breithniú a dhéanamh ar na nithe seo, ar an gcéad dul síos, trí Fhóram Beartais Oscailte ina mbeadh páirtithe polaitíochta, eagraíochtaí tionscail, an saol acadúil, an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chomh maith le rannpháirtíocht foirmiúil leis an Oireachtas.

## 6. Clár um Rialtas Comhpháirtíochta

6.1 Léirítear sa *Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta* feidhmeanna ar leith ar chóir a bheith ag an gCoimisiún, mar atá:

- scrúdú a dhéanamh ar chlárú vótálaithe agus ar an bhféidearthacht atá ann an córas uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (PPS) a úsáid chun daoine a chur leis an gclár nuair a bhaineann siad aois vótála amach;
- scrúdú a dhéanamh ar bhealaí chun rannpháirtíocht sa phróiseas polaitiúil a mhéadú trí oideachas do vótálaithe agus slua;
- glacadh le ról Chláraitheoir na bpáirtithe polaitíochta;
- maoiniú polaitiúil agus caiteachas toghcháin a rialáil;

- mairseacht a dhéanamh ar Choimisiún an Reifrinn, rud a bheadh ina fho-aonad den Choimisiún.

### **CUID 3: ANAILÍS AR CHOSTAIS**

#### **1. Réamhrá**

- 1.1 Leagtar amach i gCuid 2, paragraf 1 den doiciméad seo an liosta feidhmeanna a d'fhéadfaí a shannadh chuig an gcoimisiún toghcháin. Molann Comhchoiste an Oireachtais iad ina Thuarascáil 2016 agus áirítear iad siúd a aithníodh sa *Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta*. Cuirtear gach ceann de na feidhmeanna seo i láthair i Rogha 4 agus le líon teoranta (i.e. feidhmeanna neamhrechtúla agus feidhmeanna reachtúla araon) i Roghanna 2 agus 3.
- 1.2 Tá sannadh de chuid de na feidhmeanna seo don Choimisiún simplí go leor ach tá cinn eile níos casta agus beidh scrúdú níos mionsonraithe ag teastáil ina leith siúd. Tá breac-chuntas ar gach feidhm agus costáil ghaolmhar leagtha amach i bparagraif 2-11 thíos.
- 1.3 Chun neamhspleáchas an choimisiúin toghcháin a chothabháil, ta sé beartaithe go dtiocfadh maoiniú do choimisiún toghcháin go díreach ó lárchiste an státchiste, seachas ó vótáil d'aon Roinn Rialtais ar leith. Sa Ríocht Aontaithe, tá maoirseacht ghinearálta ag "Coiste na Spéicéir"<sup>10</sup> ar chleachtadh fheidhmeanna choimisiún toghcháin na Ríochta Aontaithe agus, go háirithe, tá freagracht aige as a bhuiséad agus a phlean corparáide cúig bliana a fhorghnas.

#### **2. Costais bhunaithe agus costais riaracháin agus oibriúchán leanúnach**

- 2.1 Beidh costais bhunaithe agus costais riaracháin agus oibriúchán leanúnach i gceist le bunú an choimisiúin toghcháin. I measc na gcostas bunaithe measta bheadh troscán agus feistis; oifig, trealamh TF agus páipéarachas; bogearraí TF m.sh. párolla, bainistiú airgeadais, bainistiú acmhainní daonna; agus cíós. Is iad na costais bhunaithe mheasta ná EUR 1.5 m. Tá sé seo bunaithe go ginearálta ar an gcostas a bhaineann le hÚdarás Póilíneachta na hÉireann a bhunú, atá inchomparáide maidir le méid agus socrúithe rialachais.
- 2.2 Meastar gur EUR 725 000 iad costais riaracháin agus oibriúcháin leanúnach agus d'áireofaí na costais bhliantúla seo a leanas: cíós, teas/solas; glanadh agus cothabháil oifige; seirbhísí poist agus teileachumarsáide, taisteal agus cothabháil; seirbhísí TF; oiliúint agus forbairt agus costais teagmhasacha (lena n-áirítear táillí na mball). Bunaithe ar fhoireann lárnach tosaigh ina bhfuil POF agus deichniúr foirne riaracháin (9.5 ball foirne faoi láthair sa rannán Toghchórais), is é EUR 700 000 na costais bhliantúla tuarastail measta<sup>11</sup>. D'fhéadfadh cuid de na costais tuarastail a fhritháireamh trí fhoireann SIPO agus Toghchórais a aistriú chuig an gcoimisiún toghcháin. Mar sin féin, i ndáil leis an aistriú den fhoireann, beidh gá le comhairliúchán agus idirbheartaíocht iomchuí caidreamh tionsclaíoch. Meastar gur EUR 1.4 m in aghaidh na bliana iad na comhchostais tuarastail agus oibriúcháin leanúnach. D'ardódh sé seo le himeacht ama de réir mar a mhéadófar líon na foirne agus de réir mar a fhorbraíonn an Coimisiún a chuid feidhmeanna i réimsí amhail taighde agus cumarsáid, agus cláir oideachais do vótálaithe.

<sup>10</sup> Tá "Coiste na Speicéir" comhdhéanta de Spéicéir Theach na dTeachtaí agus ochtar comhaltaí eile, mar atá, an Rúnaí Baile, Aire do Rialtas Áitiúil, Cathaoirleach ar an Roghchoiste um Ghnóthaí Baile agus cúigear Comhaltaí Theach na dTeachtaí arna gceaptha ag an Spéicéir.

<sup>11</sup> Costais tuarastail amháin

### 3. Maoirseacht ar réachtáil toghcháin agus reifreann agus ar an ról beartais

3.1 Le linn chomhairliúcháin Chomhchoiste an Oireachtais maidir le coimisiún toghcháin a bhunú, thug formhór na bhfinnéithe agus na n-aighneachtaí le fios go bhfuil leibhéal iontaoibhe measartha ard ann sna Cinn Chomhairimh, agus go gcuirfí feabhas ar a bhfeidhmíocht dá mbeadh tuilleadh comhordaithe, treorach agus acmhainní ag baint leo. I bhfianaise an mhéid sin, bhain Comhchoiste an Oireachtais de thátaí as gur chóir go mbeadh an fhreagracht oibríochtúil chun toghcháin agus reifreann a eagrú fós ag Cinn Chomhairimh (mar atá leagtha amach sna hAchtanna Toghcháin), agus ról lárnach maoirseachta, bainistíocht feidhmíochta, comhordaithe agus tacaíochta ag an gcoimisiún toghcháin.

3.2 Ní dhéanann Comhchoiste an Oireachtais aon mholtaí maidir le toghcháin an tSeanaid a aistriú chuig an gcoimisiún toghcháin. Mar sin féin, déanann sé tagairt do chlár toghcháin an tSeanaid, atá leagtha amach i bparagraf 6.3.

3.3 Is iad seo a leanas na costais a bhaineann leis na himeachtaí toghcháin is déanaí a réachtáil ag Cinn Chomhairimh:

Toghchán na Dála	-	€27m
Reifreann	-	€12m
Parlaimint na hEorpa agus Toghchán Áitiúil	-	€25m
Toghchán Uachtaráin	-	€30m <sup>12</sup>

3.4 Íoctar na costais seo ó Lárchiste an Státchiste agus tá sé beartaithe go leanfaidh na Cinn Chomhairimh na himeachtaí toghcháin seo a réachtáil. Ní bheadh costais inchurtha i leith choimisiún toghcháin agus ní bheadh aon chostas breise don státchiste.

3.5 Molann Comhchoiste an Oireachtais go mbeadh na dualgais seo a leanas ag an gCoimisiún Toghcháin:

- *sainchúram reachtúil chun maoirseacht agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na gCeann Comhairimh agus na n-údarás áitiúil maidir lena bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, lena n-áirítear an chumhacht treoirlínte agus táscairí feidhmíochta a eisiúint, agus*
- *dualgas reachtúil chun dul i ngleic le heasnamh a aithníodh i réachtáil toghchán, mar shampla, an modh chun vótaí barrachais a chomhaireamh; agus dualgas chun dul i ngleic leis an ngá atá ann torthaí a fhoilsiú go luath agus ar bhealach comhordaithe agus dualgas i ndáil le cumarsáid éifeachtach leis na toghthóirí, agus tuairisciú do Thithe an Oireachtais ina leith seo.*

3.6 Molann Comhchoiste an Oireachtais go ndéanfaí ról beartais agus oibríochtúil roinn Toghchórais na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a aistriú chuig an gcoimisiún

<sup>12</sup> Costais toghcháin uachtaráin lena n-áiríodh freisin costais le haghaidh fothoghcháin agus 2 reifreann a bhí ar siúl ar an lá céanna. Níl costais le haghaidh toghcháin Uachtaráin 2018 ar fáil go fóill.

toghcháin<sup>13</sup>. Molann an coiste freisin go sannfaí ról beartais don choimisiún toghcháin a bheadh níos doimhne agus níos faide ná mar a dhéanann an roinn Toghchórais faoi láthair agus mar chuid den ról go ndéanfaí taighde ar bheartas toghcháin agus ar bhearta éascaithe vótálaithe agus go gcuirfí feabhas ar oideachas agus forbairt vótálaithe<sup>14</sup>. Leagtar an dá fheidhm dheireanacha seo amach ar leithligh i bparagraif 9 agus 10.

- 3.7 Mhol an Coiste go ndéanfaí ról maoirseachta na Roinne Toghchórais d'imeachtaí toghcháin a shannadh don choimisiún toghcháin (ar imeachtaí tréimhsiúla iad), mar aon le ról beartais níos leithne agus níos doimhne (féach paragraif 3.6, 9 agus 10). Dá ndéanfaí na feidhmeanna sin a aistriú chuig Coimisiún Toghcháin, dhéanfaí measúnú ar na himpleachtaí maidir le leibhéal foirne san aonad Toghchórais agus sa Choimisiún nua.

#### 4. An Coimisiún Reifrinn

- 4.1 Molann Comhchoiste an Oireachtais go nglacfar le feidhmeanna an Choimisiúin Reifrinn isteach sa choimisiún toghcháin<sup>15</sup>. Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún Reifrinn a mhíníonn ábhar na dtograí reifrinn, cuireann sé feacht an phobail ar reifreann chun cinn, agus spreagann sé an toghthóir vótaí a chaitheamh. Ó 1998, nuair a tugadh coimisiúin reifrinn isteach don chéad uair faoi Acht an Reifrinn 1998, cuireadh Coimisiún Reifrinn ar bun gach uair do reifreann a bheith ar siúl.
- 4.2 Léirigh Comhchoiste an Oireachtais ina thuarascáil freisin go bhfuil neamhspleáchas d'fheachtas faisnéise reifrinn a choinneáil ina phríomhábhar breithnithe maidir le feidhmeanna an Choimisiúin Reifrinn a shannadh don choimisiún toghcháin. D'fhéadfaí é seo a bhaint amach tríd an gCoimisiún a bheith ina roinn ar leith den choimisiún toghcháin<sup>16</sup>.
- 4.3 Mar atá cúrsaí faoi láthair, íoctar an costas a bhaineann le Coimisiún Reifrinn sa Roinn urraíochta den togra reifrinn ábhartha. Is é meánchostas Choimisiún Reifrinn ná EUR 2 m. Cuireann Oifig an Ombudsman an Rúnaíocht ar fáil don Choimisiún, agus costas a mheastar a bheith thart ar EUR 700 000 i gceist<sup>17</sup>. Dá bhrí sin, tá an costas iomlán i ndáil le gach Coimisiún Reifrinn measta ag EUR 2.7 m. Mar sin féin, ní bheadh aon ghlanchoistas breise don Státchiste de thairbhe go n-íocann an Státchiste costas an Choimisiúin Reifrinn cheana féin agus táthar ag súil go ndéanfaí costais tacaíochta Rúnaíochta a fhritháireamh trí bhail foirne Oifig an Ombudsman a aistriú chuig an gcoimisiún toghcháin<sup>18</sup>.

#### 5. Coimisiún na dToghcheantar agus an Coiste Teorann Toghcheantair Áitiúil

<sup>13</sup> Mír 6.2 (leathanach 116) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

<sup>14</sup> Mír 6.2 (leathanach 117) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

<sup>15</sup> Mír 6.2 (leathanach 116) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

<sup>16</sup> Mír 2.8 (leathanach 45) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

<sup>17</sup> Áirítear sa chostas measta seo de EUR 700 000 tuarastail agus forchostais ach ní léiríonn sé na costais go léir amhail cíós/rátaí agus an costas ionchuir ag an mbainistíocht shinsearach in Oifig an Ombudsman, SIPO, an Coimisinéir Faisnéise agus bail Coimisiún SIPO.

<sup>18</sup> Tá aistriú foirne faoi réir comhairliúcháin agus idirbheartaíochta.

- 5.1 Mhol formhór na n-aighneachtaí agus na bhfinnéithe sa phróiseas comhairliúcháin gur chóir feidhmeanna Choimisiúin na dToghcheantar (a bunaíodh faoin Acht Toghcháin 1997) agus Coiste Teorann Toghcheantair Áitiúil (a bunaíodh faoin Acht Rialtais Áitiúil 1991) a aistriú chuig an gcoimisiún toghcháin. Mar sin féin, mhol roinnt aighneachtaí gur chóir go mbeadh Coimisiún na dToghcheantar agus an Coiste Teorann Toghcheantair Áitiúil fós taobh amuigh nó taobh amuigh i bpáirt de choimisiún toghcháin. Bhí an seasamh deireanach seo mar gheall i bpáirt ar an tuairim go seachnófaí an cás ina leagfadh coimisiún toghcháin teorainneacha chun a chríocho riaracháin féin a oiriúnú mar eagraí na dtoghcháin go léir trí chomhlachtaí ar leith a bheith ann. Tar éis na tuairimí sin a bhreithniú, mhol Comhchoiste an Oireachtais gur chóir feidhmeanna na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i ndáil leis an rúnaíocht a sholáthar do Choimisiún na dToghcheantar agus don Choiste Teorann Toghcheantair Áitiúil a aistriú chuig an gcoimisiún toghcháin<sup>19</sup>.
- 5.2 Ba é thart ar EUR 36 000 an tacaíocht Rúnaíochta a chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar fáil do Choimisiún na dToghcheantair 2016.
- 5.3 Ba é thart ar EUR 76 000 an tacaíocht Rúnaíochta a chuir an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar fáil don Choiste Teorann Toghcheantair Áitiúil.
- 5.4 Mar sin féin, meastar nach mbeadh costas na tacaíochta rúnaíochta do Choimisiún na dToghcheantar agus don Choiste Teorann Toghcheantair Áitiúil Ina chostas breise don státchiste de thairbhe na costais seo a bheith tabhaithe faoi láthair ag an DHPLG. Ba chóir a thabhairt do d'aire nach dtagann an obair seo chun cinn ach amháin gach cúig bliana go neasach.

## 6. Clár na dTogthóirí

- 6.1 Aithníodh athchóiriú ar Chlár na dTogthóirí mar phríomhcheist i bpróiseas comhairliúcháin Chomhchoiste an Oireachtais. Ina thuarascáil 2016, leagann Comhchoiste an Oireachtais béim ar fhadhbanna áirithe leis an gclár agus molann roinnt bealaí chun déileáil leo. Ó foilsíodh an tuarascáil, chinn an Rialtas (7 Márta 2017) gur chóir tús a chur leis an obair ar nuachóiriú an phróisis chláráithe vótálaithe, sa chomhthéacs den chinneadh reifreann a reáchtáil chun cearta vótála a leathnú do shaoránaigh atá ina gcónaí lasmuigh den Stát ag toghcháin Uachtaráin.
- 6.2 Aithníodh i dtuarascáil scóipe maidir le próiseas clárúcháin toghcháin a nuachóiriú sraith athchóirithe féideartha don phróiseas clárúcháin chun iomláine agus cruinneas a fheabhsú agus a chothabháil. D'aithin Comhchoiste an Oireachtais go leor de na hathchóirithe seo. Meastar go nglacfadh nuachóiriú an phróisis chlárúcháin vótálaithe íosmhéid de dhá bhliain nó trí bliana ar a laghad agus gur féidir an obair seo a chur chun tosaigh ar aon dul le bunú an choimisiúin toghcháin agus feidhmeanna a bhaineann leis an gClár Toghcháin á nglacadh ag an gcoimisiún sa deireadh. Bheadh nádúr agus méid na bhfeidhmeanna sin ag brath ar an gcinneadh deiridh ag an Rialtas maidir le rialachas fadtéarmach an phróisis chlárúcháin toghcháin - cibé acu an ndéanfaidh comhlacht láráithe é a bhainistiú, amhail an coimisiún toghcháin nó an ndéanfar é a riar trí chóras an Rialtais Áitiúil, le maoirseacht ag an gCoimisiún. Baineann na costais atá i gceist

---

<sup>19</sup> Mír 6.2 (leathanach 116) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

le hinfheistíocht i réitigh nua TFC agus le feachtais thábhachtacha feasachta poiblí. Is iad réamh-mheastacháin ar na costais ná EUR 1.6 m go dtí EUR 2.4 m thar thréimhse dhá bhliana nó trí bliana. Níl sé beartaithe gur costas don choimisiún é seo, áfach, ach don tionscadal Nuachóirithe. Beidh costais bhliantúla leanúnacha i gceist, áfach, maidir le clár na dtoghthóirí a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas sin a bheidh faoi chúram an chomhlachta nó na gcomhlachtaí ábhartha lena mbaineann.

- 6.3 Moltar i dtuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais gur chóir an tasc d'oibriú le hinstiúidí trú leibhéal chun an clár toghcháin a thiomsú sa chomhthéacs de leathnú na dtoghthóirí do shuíocháin ollscoile an tSeanaid a shannadh don choimisiún toghcháin. Luaitear inti freisin, i gcomhthéacs aon athchóirithe níos fairsinge ar phróiseas toghcháin an tSeanaid a d'fhéadfaí a chinneadh, gur chóir go mbeadh coimisiún toghcháin freagrach as cinneadh a dhéanamh ar conas an clár a thiomsú agus ar bhealaí chun an clár a leathnú. Ba chóir a thabhairt do d'aire go bhfuil athchóiriú ar an Seanad, lena n-áirítear clár toghcháin an tSeanaid, á imscrúdú ar leithligh ag Grúpa Forfheidhmithe Athchóirithe an tSeanaid, arna bhunú ag Roinn an Taoisigh i mí na Bealtaine 2018.

## 7. Clárú na bPáirtithe Polaitíochta

- 7.1 Is é Cléireach na Dála a dhéanann feidhmeanna a bhaineann le Clár na bPáirtithe Polaitíochta faoi alt 25 den Acht Toghcháin 1992. Is é an príomhchuspóir le páirtí polaitíochta a chlárú i gClár na bPáirtithe Polaitíochta go bhféadfaidh iarrthóirí i dtoghcháin atá ina mbaill de pháirtí chláráithe ainm a bpáirtithe a chur lena n-ainmneacha féin ar an bpáipéar ballóide. Is é ceann de na coinníollacha do '*pháirtí cáilithe*' íocaíochtaí a fháil faoi Chuid III den Acht Toghcháin 1997 ná go gcaithfidh sé a bheith cláráithe i gClár na bPáirtithe Polaitíochta i gcomhréir leis an Acht Toghcháin 1992<sup>20</sup>.
- 7.2 Cé nár luaigh gach aighneacht nó finné sa phróiseas comhairliúcháin feidhm Chlár na bPáirtithe Polaitíochta go díreach, níor mhol duine ar bith a ndeachaigh Comhchoiste an Oireachtais i gcomhairle leo gur chóir an fheidhm a bheith fós le Cléireach na Dála. Chinn an Coiste gur chóir an fheidhm seo a shannadh don choimisiún toghcháin<sup>21</sup>. Meastar gur EUR 5 000 in aghaidh na bliana an costas a bhaineann leis an bhfeidhm seo a chomhlíonadh, méid atá comhdhéanta den chuid is mó de chostais foirne. Bheadh an costas seo inchurtha leis an gcoimisiún toghcháin de thairbhe nach bhfuil sé beartaithe baill foirne a aistriú ó Oifig Chléireach na Dála don choimisiún.

## 8. Monatóireacht agus tuairisciú ar chaiteachas polaitiúil agus ar dheonacháin

- 8.1 Tá an obair seo á dhéanamh faoi láthair ag an leibhéal náisiúnta ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (SIPO) agus ag údaráis áitiúla ag an leibhéal áitiúil. Molann Comhchoiste an Oireachtais go ndéanfaí an rialachán ar mhaoiniú polaitiúil agus ar chaiteachas toghcháin a dhéanamh SIPO faoi láthair a shannadh don choimisiún toghcháin. Molann an Coiste freisin gur chóir don choimisiún toghcháin ról tacaíochta agus comhairleach a chur ar fáil

<sup>20</sup> Mír 16 den Acht Toghcháin 1997

<sup>21</sup> Mír 6.2 (leathanach 116) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

d'údaráis áitiúla ina rialáil i dtaca le maoiníú polaitíochta agus caiteachas toghcháin ag leibhéal áitiúil.<sup>22</sup>

- 8.2 Is iad na príomhchostais a bhaineann leis na moltaí seo ná costais foirne agus forchostais, a mheastar a bheith thart ar EUR 600 000 in aghaidh na bliana do SIPO.<sup>23</sup> Táthar ag súil nach mbeadh aon ghlanchoistas don státchiste de thairbhe go ndéanfaí costais SIPO a fhritháireamh trína fhoireann a aistriú don choimisiún toghcháin chun na dualgais seo a chomhlíonadh.<sup>24</sup>
- 8.3 Ós rud é nach bhfuil sé beartaithe feidhmeanna údarás áitiúil maidir le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar chaiteachas polaitíochta agus deonacháin a aistriú chuig an gcoimisiún toghcháin, ní bheadh aon ghlanchoistas ann don státchiste. Ní bheadh méid suntasach oibre i gceist maidir le ról tacaíochta agus comhairleach don Choimisiún chun tacú le húdaráis áitiúla ag leibhéal áitiúil - tá an tacaíocht seo á cur ar fail faoi láthair ag an aonad Toghchórais sa DHPLG.

## 9. Taighde

- 9.1 Measann Comhchoiste an Oireachtais gur chóir go mbeadh ról forbartha beartais níos leithne ag coimisiún toghcháin chun dul i ngleic le bearnaí i bpleanáil agus forbairt beartais toghcháin. Chun é seo a bhaint amach, bhaineann an Coiste de thátal as gurbh fhéidir dualgas reachtúil a shannadh do choimisiún toghcháin chun taighde neamhspleách a dhéanamh ar bheartas toghcháin, rud a chuirfeadh bonn eolais faoin Rialtas agus faoin bParlaimint maidir lena mbreithniú ar athchóiriú a dhéanamh ar an dlí toghcháin agus a chuirfeadh bonn eolais faoin bpobal freisin<sup>25</sup>.
- 9.2 Is ceist oscailte í an costas a bhaineann le taighde a dhéanamh agus braitheann sé ar leibhéal agus ar chastacht an taighde a theastaíonn. Mar sin féin, chun críocha comparáide, chaith Coimisiún Toghcháin na Ríochta Aontaithe thart ar GBP 347 000 in 2017/18 ar thaighde (arb ionann é agus EUR 393 000) agus thart ar GBP 431 000 in 2016/17 (arb ionann é agus EUR 488 000). Ag baint úsáide as na figiúirí seo mar bhunús agus ag léiriú an scála níos lú den daonra in Éirinn i ndáil le suirbhéanna/pobalbhreitheanna/tástáil le haghaidh taighde, moltar go gcuirfí buiséad de EUR 220 000 ar fáil don choimisiún toghcháin chun críocha taighde (is sé seo thart ar leathmhéid bhuiséad na Ríochta Aontaithe). D'fhéadfadh an costas seo a mhéadú nó a laghdú le himeacht ama. Áirítear ar an gcineál taighde a rinne Coimisiún Toghcháin na Ríochta Aontaithe ná taighde ar na nithe seo a leanas: clárú toghcháin, sonraí toghcháin (e.g. toghthóirí, slua, páipéar ballóide a diúltaíodh); suirbhéanna ar thuairim an phobail; tástáil cheiste reifrinn.

## 10. Oideachas agus Rannpháirtíocht Vótálaithe

- 10.1 Mar chuid den mholadh ó Chomhchoiste an Oireachtais gur chóir go mbeadh ról forbartha beartais níos leithne ag coimisiún toghcháin, molann sé gur chóir do choimisiún toghcháin beartas ar bhearta éascaithe vótálaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus bealaí nuálacha chun feabhas a chur ar oideachas agus rannpháirtíocht vótálaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm<sup>26</sup>.

<sup>22</sup> Mír 6.2 (leathanach 116) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

<sup>23</sup> Ní léiríonn an costas measta seo de EUR 700 000 na costais go léir amhail cíos/rátaí agus costas ionchuir ag an mbainistíocht shinsearach in Oifig an Ombudsman, SIPO, an Coimisinéir Faisnéise agus baill Choimisiún SIPO.

<sup>24</sup> Tá aistriú foirne faoi réir comhairliúcháin agus idirbheartaíochta IR

<sup>25</sup> Mír 6.2 (leathanach 117) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

<sup>26</sup> Mír 6.2 (leathanach 117) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe



Le linn an chomhairliúcháin phoiblí, tugadh roinnt moltaí, lena n-áirítear cláir oideachais sibhialta; rannpháirtíocht le leanaí, le daoine óga agus le pobail imirceacha trí mhaoiniú a chur ar fáil ionas gur féidir le heagraíochtaí atá ag obair leis na spriocghrúpaí sin na cláir a réachtáil<sup>27</sup>; agus gur chóir go mbeadh ról ag an gcoimisiún toghcháin freisin chun clárú agus vótáil a spreagadh ag imeachtaí toghcháin - b'fhéidir trí láithreán gréasáin a fhorbairt<sup>28</sup>.

10.2 Mar a bhí le déanamh taighde, d'fhéadfadh an costas a bhaineann le cláir oideachais agus rannpháirtíochta vótálaithe a athrú, ag brath ar mhéid agus ar chastacht na gclár lena mbaineann. Mar sin féin, d'fhonn costas a mheas, bhí costas de GBP 2.8 m in 2017/18 agus GBP 2.6 m in 2016/17 ag baint le cláir den chineál sin a réachtáil an Coimisiún Toghcháin sa Ríocht Aontaithe. I gcodarsnacht leis sin, chaith Coimisiún Toghcháin na Nua-Shéalainne thart ar EUR 21 000 ar fheachtas faisnéise poiblí d'aon imeacht toghcháin (olltoghchán 2014). Mar gheall ar scála níos lú na gclár sin in Éirinn, ach ag aithint cineál agus raon na gclár oideachais vótála a mhol Comhchoiste an Oireachtais, ní bheadh sé míréasúnta buiséad EUR 200 000 a mholadh don obair seo, ach d'fhéadfaí ag súil leis go méadófaí an méid sin le himeacht ama.

## 11. Táscairí Feidhmíochta

11.1 Molann Comhchoiste an Oireachtais gurb é forbairt de tháscairí feidhmíochta atá nasctha le cuspóirí ardleibhéil ar féidir feidhmíocht an choimisiúin a mheasúnú ina gcoinne ar cheann de na córais chuntasachta a d'fhéadfadh an coimisiún toghcháin a ghlacadh<sup>29</sup>.

11.2 Ina thuarascáil, deir an Coiste gur gá feidhmeanna beachta choimisiún toghcháin agus a spriocanna ardleibhéil a bheith soiléir sula ndéanfar táscairí feidhmíochta a shocrú. Dá ainneoin sin, molann an Coiste roinnt táscairí feidhmíochta féideartha do choimisiún toghcháin, atá dírithe ar aschur nó tionchar<sup>30</sup> agus tugann roinnt samplaí i dTábla 7 dá thuarascáil<sup>31</sup>.

11.3 Dearthar táscairí aschuir chun tomhas a dhéanamh ar cé chomh héifeachtúil agus cé chomh rathúil is atá an coimisiún i ndáil le gníomhaíochtaí nó aschuir chomhaontaithe a chur i ngníomh. D'fhéadfadh sásamh rannpháirtithe le clár oideachais vótálaithe (arna thomhas ag suirbhé) a bheith i measc samplaí, nó cruinneas an chláir toghcháin (arna thomhas ag seiceálacha ar an láthair) nó an méid ama agus líon na dteagmhálacha a ghlacann toghthóir a (h)ainm a chur ar an gclár toghcháin. Is minic a bhíonn táscairí tionchair níos fadtéarmaí agus déanann siad toradh na gníomhaíochta agus aschur eagraíochta nó bheartais a thomhas (i.e. an bhfuil cur i bhfeidhm na n-aschur seo ag cuidiú leis an ngníomhaireacht a spriocanna ardleibhéil a bhaint amach?).

11.4 Deir an Coiste freisin go dtugann dea-chleachtas le fios gur chóir sonraí ar an gcuid is mó de na spriocanna a roghnaíodh a fháil go héasca trí chórais inmheánacha. Má dhéantar spriocanna bunaithe ar shástacht na gcliant, beidh gá le suirbhéanna ar na cliant. Ba chóir suirbhéanna den chineál sin a dhéanamh go bliantúil, nuair is cuí, agus níor chóir go mbeadh athrú suntasach ar

<sup>27</sup> Mír 2.4 (leathanach 39) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

<sup>28</sup> Mír 2.3 (leathanach 38) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

<sup>29</sup> Mír 6.9 (leathanach 125) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

<sup>30</sup> Mír 3.3.5 (leathanach 95) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

<sup>31</sup> Tábla 7 (leathanach 98) den Tuarascáil ó Chomhchoiste an Oireachtais ar an gComhairliúchán maidir leis an gCoimisiún Toghcháin beartaithe

na ceisteanna a iarrtar bliain ar bhliain nó, nuair is iomchuí, ó thoghchán go toghchán nó ó reifreann go reifreann.

11.5 Mar chuid dá chuid oibre maidir le bearta feidhmíochta a fhorbairt agus a mhonatóiriú ar an ábhar de 'tuiscint a fháil ar conas vóta a chaitheamh' ag an olltoghchán in 2014, d'fhostaigh Coimisiún Toghcháin na Nua-Shéalainne cuideachta taighde margaidh chun suirbhéanna réamhthoghcháin agus iarthoghcháin a dhéanamh ar vótálaithe agus ar dhaoine nach vótálaithe iad. Ba é EUR 143 000 an costas don obair seo, a áiríodh suirbhé tagarmharcála, suirbhé tréimhse feachtais agus suirbhé iarthoghcháin. Ós rud é go bhfuil an Nua-Shéalainn cosúil i scála agus i méid le hÉirinn, moltar buiséad comhchosúil don choimisiún toghcháin chun táscairí feidhmíochta a fhorbairt.

**CUID 4: ROGHANNA LE COIMISIÚN TOGHCHÁIN A BHUNÚ**  
**FEIDHMEANNA AGUS COSTAIS**

**Rogha 1**  
**Gan Athrú Beartais**

Cuirtear an rogha seo i láthair mar bhunlíne chun go bhféadfar comparáidí a dhéanamh leis na costais ghaolmhara a aithnítear i Roghanna 2, 3 agus 4 .

**1.1. Costais**

**(a) Costais bhunaithe agus leanúnacha oibríochtúla**

De thairbhe nach mbeadh aon athruithe ar shocruithe reatha, ní bheadh aon chostais bhunaithe agus oibríochtúla leanúnacha.

**€0**

**(b) Maoirseacht ar reáchtáil toghcháin agus reifreann agus ar an ról beartais**

Costais tuarastail.

**€275k (bunaithe ar chostais chomhchosúla atá ann cheana féin)**

**(c) An Coimisiún Reifrinn**

Is é meánchostas Choimisiún Reifrinn, mar aon leis an tacaíocht Rúnaíochta ná:

**€2.7m**

**(d) Tacaíocht Rúnaíochta do Choimisiún na dToghcheantar agus Coiste Teorann Toghcheantair Áitiúil**

(i) Is é costas na tacaíochta Rúnaíochta do Choimisiún na dToghcheantar in 2016.

**€36k**

(ii) Is é costas na tacaíochta Rúnaíochta do Choiste Teorann Toghcheantair Áitiúil ná:

**€76k**

**(e) Clárú na bPáirtithe Polaitíochta**

Is é an costas bliantúil ag Cléireach na Dála chun clár na bpáirtithe polaitíochta a chothabháil ná

**€5k**

**(f) Monatóireacht agus tuairisciú ar chaiteachas polaitiúil agus ar dheonacháin (an leibhéal náisiúnta)**

**€600k**

**(g) Taighde**

Níl aon bhuiséad tiomnaithe do thaighde faoi láthair

**€0**

**(h) Oideachas agus Rannpháirtíocht Vótálaithe**

Níl aon bhuiséad tiomnaithe d'oideachas agus rannpháirtíocht vótálaithe faoi láthair

**€0**

**(i) Táscairí Feidhmíochta**

Níl aon táscairí feidhmíochta i bhfeidhm

€0

**Costas Iomlán Rogha 1: €3.7m**

**1.2. Buntáistí**

- Gan aon chostas breise don Státchiste.
- Níl aon bhuntáistí ann a eascraíonn as easpa athraithe ar na socruithe atá ann cheana féin

**1.3. Tionchair**

- Ní thabharfaí aghaidh ar na heasnaimh atá ann cheana féin.
- Ní dhéanfar ach dul chun cinn teoranta maidir le hathchóirithe a thabhairt isteach.
- Ní chuirfear i bhfeidhm gealltanais Chlár um Rialtas chun an réimse seo a athchóiriú.

**Rogha 2 –  
An Coimisiún Toghcháin a bhunú ar bhonn neamhrechtúil ar dtús, agus líon teoranta feidhmeanna neamhrechtúla a shannadh d'fhonn coimisiún reachtúil a bhunú sa ghearrthéarma**

**2.1. Costas Breise don Státhchiste, lena chois sin atá leagtha amach i Rogha 1 (gan athrú)**

**(a) Costais bhunaithe agus leanúnacha riaracháin agus oibríochtúla**

(i) Costais bhunaithe:

**€1.5m**

(ii) Costais riaracháin agus oibríochtúla leanúnacha

**€1.4m**

**(b) Tacaíocht Rúnaíochta do Choiste Teorann Toghcheantair Áitiúil**

Gan aon chostas breise don Státhchiste

**€0**

**(c) Ról tacaíochta agus comhairleach d'údaráis áitiúla ar chaiteachas polaitíochta agus deonacháin**

Costas measta:

Gan aon chostas breise don Státhchiste

**€0**

**(d) Taighde**

Costas measta:

**€220k**

**(e) Oideachas agus Rannpháirtíocht Vótálaithe**

Costas measta:

**€200k**

**Costas Iomlán Breise don Státhchiste lena chois Rogha 1 (gan athrú): €3.3m**

**2. Buntáistí**

- Trí choimisiún toghcháin a bhunú ar bhonn neamhrechtúil agus líon teoranta feidhmeanna neamhrechtúla a shannadh, bheadh coimisiún ag feidhmiú go tapa.
- Bheadh am ag an gcoimisiún socrú isteach, rud a laghdódh an baol go ndéanfaí dochar don ardleibhéal muiníne atá ann in ionracas an chórais toghcháin. Chabhrófaí le haistriú feidhmeanna reachtúla ar bhealach comhordaithe.
- Trí fheidhmeanna nua a shannadh, amhail taighde agus oideachas agus rannpháirtíocht vótálaithe, d'fhéadfadh cuir chuige nuálacha a bheith ann maidir leis an bpróiseas toghcháin a athchóiriú.
- Chuirfí tús leis an bpróiseas de chomhordú níos fearr a thabhairt do riarachán toghcháin.

### **2.3 Tionchair**

- Socruithe maoirseachta feabhsaithe an chórais toghcháin.
- Bheadh coimisiún toghcháin ar bun i dtréimhse ghairid ama ar bhonn teoranta agus a ról agus feidhmeanna le feabhsú sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma.
- Chuirfí an gealltanas *Chlár um Rialtas Comhpháirtíochta* i bhfeidhm.
- Bheadh bunú luath an Choimisiúin i gcomhréir leis an moladh ón *nGrúpa Idir-rannach maidir le Slándáil an Phróisis Toghcháin agus Bréagaisnéis* chun bunú de choimisiún toghcháin a dheifriú.

### Rogha 3

An Coimisiún Toghcháin a bhunú ar bhonn reachtúil agus líon teoranta feidhmeanna a shannadh ar dtús, agus tuilleadh feidhmeanna a shannadh le himeacht ama.

#### 3.1. Costas Breise don Státchiste, lena chois sin atá leagtha amach i Rogha 1 (gan athrú)

##### **(a) Costais bhunaithe agus leanúnacha riaracháin agus oibríochtúla**

(i) Costais bhunaithe:

**€1.5m**

(ii) Costais riaracháin agus oibríochtúla leanúnacha

**€1.4m**

##### **(b) An Coimisiún Reifrinn**

Gan aon chostas breise don Státchiste

**€0**

##### **(c) Tacaíocht Rúnaíochta do Choimisiún na dToghcheantar agus Coiste Teorann Toghcheantair Áitiúil**

Gan aon chostas breise don Státchiste

**€0**

##### **(d) Clár na bPáirtithe Polaitíochta**

Is é an costas bliantúil ag Cléireach na Dála chun clár na bpáirtithe polaitíochta a chothabháil ná

**€5k**

##### **(e) Ról tacaíochta agus comhairleach d'údaráis áitiúla ar chaiteachas polaitíochta agus deonacháin**

Costas measta:

Gan aon chostas breise don Státchiste

**€0**

##### **(f) Taighde**

Costas measta:

**€220k**

##### **(g) Oideachas agus Rannpháirtíocht Vótálaithe**

Costas measta:

**€200k**

**Costas Iomlán Breise don Státchiste lena chois Rogha 1 (gan athrú): €3.3m**

#### 3.2. Buntáistí

- Trí choimisiún toghcháin a bhunú ar bhonn reachtúil agus líon teoranta feidhmeanna reachtúla chomhlachtaí atá ann cheana féin a aistriú, chabhrófaí lena áirithiú gur féidir feidhmeanna, córais agus nósanna imeachta atá bunaithe cheana a shocrú isteach go mín sa choimisiún, sula dtabharfaí feidhmeanna breise isteach. Bheadh sé seo ina chabhrú maidir leis an mbaol a laghdú go ndéanfaí

dochar don ardleibhéal iontaoibhe atá ann faoi láthair i sláine na dtoghchán agus na reifreann.

- Bheadh comhordú níos fearr sa riarachán toghcháin.
- Chuirfí athchóirithe chun cinn chun dul i ngleic le fadhbanna a aithníodh.
- Trí fheidhmeanna nua a shannadh don choimisiún, amhail taighde agus oideachas agus rannpháirtíocht vótálaithe, d'fhéadfadh cuir chuige nuálacha a bheith ann maidir leis an bpróiseas toghcháin a athchóiriú.

### **3.3 Tionchair**

- Socruithe maoirseachta feabhsaithe an chórais toghcháin.
- Riarachán toghcháin níos sruthlínithe trí chomhlacht amháin a bheith sa ról atá á dhéanamh ag roinnt comhlachtaí atá ann faoi láthair.
- Trí fheidhmeanna a shannadh ar bhonn céimnithe agus a áirithiú go bhfuil siad socraithe isteach mar is ceart agus ag feidhmiú go maith, déantar an mbaol a laghdú go ndéanfaí dochar don ardleibhéal iontaoibhe atá ann faoi láthair i sláine na dtoghchán agus na reifreann.
- Chuirfí gealltanais an Rialtais maidir le coimisiún toghcháin a bhunú i bhfeidhm – ach ghlacfaí tuilleadh ama lena chur i bhfeidhm i gcomparáid le rogha 2 de thairbhe go mbeadh reachtaíocht ag teastáil.



## Rogha 4

An Coimisiún Toghcháin a bhunú ar bhonn reachtúil agus gach feidhm aistrithe ón tús.

### 4.1. Costas Breise don Stáitchiste, lena chois sin atá leagtha amach i Rogha 1 (gan athrú)

#### **(a) Costais bhunaithe agus costais leanúnacha riaracháin agus oibríochtúla**

(i) Costais bhunaithe:

**€1.5m**

(ii) Costais riaracháin agus oibríochtúla leanúnacha

**€1.4m**

#### **(b) Maoirseacht ar reachtáil toghchán agus reifreann agus ar an ról beartais**

Gan aon chostas breise don Stáitchiste

**€0**

#### **(c) An Coimisiún Reifrinn**

Gan aon chostas breise don Stáitchiste

**€0**

#### **(d) Tacaíocht Rúnaíochta do Choimisiún na dToghcheantar agus Coiste Teorann Toghcheantair Áitiúil**

Gan aon chostas breise don Stáitchiste

**€0**

#### **(e) Clár na bPáirtithe Polaitíochta**

Is é an costas bliantúil ag Cléireach na Dála chun clár na bpáirtithe polaitíochta a chothabháil ná

**€5k**

#### **(f) Monatóireacht agus tuairisciú ar chaiteachas polaitiúil agus ar dheonacháin (an leibhéal náisiúnta)**

Gan aon chostas breise don Stáitchiste

**€0**

#### **(g) Ról tacaíochta agus comhairleach d'údaráis áitiúla ar chaiteachas polaitíochta agus deonacháin**

Costas measta:

Gan aon chostas breise don Stáitchiste

**€0**

#### **(h) Taighde**

Costas measta:

**€220k**

#### **(i) Oideachas agus Rannpháirtíocht Vótálaithe**

Costas measta:

**€200k**

**(j) Táscairí Feidhmíochta**

Costas measta:

€145k

**Costas Iomlán Breise don Státhiste lena chois Rogha 1 (gan athrú): €3.5m**

**4.2. Buntáistí**

- Bheadh comhordú níos fearr sa riarachán toghcháin.
- Chuirfí athchóirithe chun cinn chun dul i ngleic le fadhbanna a aithníodh.
- Trí fheidhmeanna nua a shannadh don choimisiún, amhail taighde agus oideachas agus rannpháirtíocht vótálaithe, d'fhéadfadh cuir chuige nuálacha a bheith ann maidir leis an bpróiseas toghcháin a athchóiriú.

**4.3. Tionchair**

- Socruithe maoirseachta feabhsaithe an chórais toghcháin.
- Riarachán toghcháin níos sruthlínithe trí chomhlacht amháin a bheith sa ról atá á dhéanamh ag roinnt comhlachtaí atá ann faoi láthair.
- An deis le haghaidh cur chuige nuálach chun an próiseas toghcháin a athchóiriú.
- Trí choimisiún toghcháin a bhunú agus na feidhmeanna go léir sannta ag an am céanna, gan am ag an gcoimisiún socrú isteach agus fadhbanna tosaigh a réiteach, tá an baol ann go ndéanfaí dochar don mhuintir atá ann cheana féin i sláine na dtoghcháin agus na reifreann.
- Chuirfí gealltanas an Rialtais maidir le coimisiún toghcháin a bhunú i bhfeidhm – ach ghlacfaí tuilleadh ama lena chur i bhfeidhm i gcomparáid le rogha 2 de thairbhe go mbeadh reachtaíocht ag teastáil.

**An Roinn Toghchórais**  
**An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil**  
**Samhain, 2018**